Is féidir le haon duine déanmhas a mholadh lena chosaint ach ní féidir ach le baill thofa an údaráis phleanála an cinneadh a dhéanamh déanmhais a áireamh san R.P.S. Caithfidh an t-údarás phleanála cloí le nósanna imeachta áirithe má tá sé beartaithe aige a mheasadh gur déanmhas cosanta an déanmhas. Baineann sé seo le fógra a thabhairt do na húinéirí agus áititheoirí ar an déanmhas, don Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, agus do chomhlachtaí eile faoin moladh. Tá sé de cheart ag an úinéir nó áititheoir tuairimí a thabhairt don údarás faoin moladh sin. Caithfear na tuairimí seo a thabhairt san áireamh sula gcinneann baill thofa an údaráis áitiúil cibé ar chóir nó nár chóir an déanmhas a bheith ina dhéanmhas cosanta. I gcás gur déanmhas cosanta beartaithe an déanmhas cosnaítear é ar an mbealach céanna agus a chosnófaí déanmhas cosanta ó thaobh dhualgais agus fhreagrachtaí na n-úinéirí agus áititheoirí.

Caithfidh gach úinéir agus áititheoir a chinntiú nach bhfuil déanmhas cosanta nó aon ghné de dhéanmhas cosanta i mbaol trí dhíobháil, lobhadh nó damáiste, cibé acu thar thréimhse ghearr nó fhada, trí fhaillí nó trí bhealaí díreacha nó

indíreacha. Baineann an oibleagáid chun déanmhas cosanta a chaomhnú le gach cuid den déanmhas, lena n-áirítear an taobh istigh de, an talamh go léir thart timpeall air, agus aon déanmhais eile ar an talamh sin. Baineann an oibleagáid seo freisin leis na daingneáin agus feistis go léir atá mar chuid den taobh istigh de dhéanmhas cosanta nó aon déanmhas ar an talamh thart timpeall air. Is féidir pionóis a ghearradh ar úinéirí agus áititheoirí má mainníonn siad a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le déanmhais chosanta nó le déanmhais i gceantar caomhantais ailtireachta. Is féidir na pionóis seo a ghearradh ar úinéir nó áititheoir más rud é-

go gcuireann siad déanmhas cosanta i mbaol, nó

go mainníonn siad oibreacha, a ordaíonn an t-údarás áitiúil, a dhéanamh ar dhéanmhas cosanta nó ar dhéanmhas i gceantar caomhantais ailtireachta.

Ní chuireann stádas mar dhéanmhas cosanta bac ar fhorbairt ná ar athruithe a dhéanamh ar an déanmhas sin. Faoin gcóras pleanála, ní theastaíonn cead pleanála ó roinnt mhaith mionoibreacha ar dhéanmhais de ghnáth. Tugtar forbairt dhíomhaithe ar na hoibreacha seo. I gcás déanmhais chosanta áfach, ní féidir oibreacha den chineál sin a dhéanamh gan cead pleanála, ach amháin sa chás nach mbeadh tionchar ag na hoibreacha ar shainghné an déanmhais ná ar aon

chuid den déanmhas a chuireann leis an díol spéise lena mbaineann. Ag brath ar nádúr an déanmhais, d'fhéadfaí cead pleanála a éileamh, mar shampla, chun maisiúchán istigh de leithéid plástráil nó péinteáil a dhéanamh. Moltar go rachaidh úinéir/áititheoir an déanmhais i gcomhairle leis an údarás pleanála sula gcuirfear tús le haon oibreacha ná forbairt. Is féidir é seo a dhéanamh trí phléite réamhphleanála nó trí dhearbhu.

Féadfaidh úinéir nó áititheoir ar dhéanmhas cosanta iarraidh ar an údarás áitiúil dearbhú a eisiúint ina sonraítear na cineálacha oibreacha is féidir a dhéanamh gan tionchar a bheith ar shainghné an déanmhais ná ar aon chuid den déanmhas a chuireann leis an díol spéise lena mbaineann. Ní beadh cead pleanála ag teastáil do na hoibreacha seo. Déanfaidh an t-údarás áitiúil, i goitinne, dearbhú den chineál sin a eisiúint laistigh de thrí mhí tar éis iarratas den chineál sin a fháil.

Déantar iarratas pleanála i ndáil le déanmhas cosanta ar an gcaoi chéanna agus a dhéantar aon iarratas pleanála eile tríd is tríd. Caithfear eolas breise a chur isteach leis an iarratas, áfach, agus caithfear a chur in iúl ar na fógraí ábhartha sna nuachtáin agus ar an láithreán gur déanmhas cosanta atá i gceist san iarratas. Rachaidh an t-údarás áitiúil i gcomhairle le comhlachtaí eile, lena n-áirítear an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, agus leis an gComhairle

Oidhreacht agus le An Taisce, roimh chinneadh ar an iarratas a dhéanamh.

Tugadh cumhachtaí speisialta d'údarás áitiúla maidir le déanmhais chosanta. Ciallaíonn sé seo go bhféadfaidh údarás áitiúil, in imthosca áirithe:

éileamh ar úinéir nó ar áititheoir ar dhéanmhas cosanta oibreacha a dhéanamh má mheasann sé go bhféadfaidh an déanmhas a bheith i mbaol amach anseo nó go bhfuil sé i mbaol;

éileamh ar úinéir nó ar áititheoir ar dhéanmhas cosanta oibreacha a dhéanamh má mheasann sé gur chóir sainghné an déanmhais a thabhairt ar ais;

déanmhas cosanta a fháil trí chomhaontú nó go héigeantach má mheasann sé go bhfuil gá leis seo nó go bhfuil sé inmhianaithe maidir le cosaint an déanmhais.

I gcás go n-éilíonn údarás áitiúil go ndéanfar oibreacha ionas nach dtiocfaidh déanmhas cosanta chun bheith i mbaol nó ionas nach leanfaidh sé de bheith i mbaol, féadfaidh an t-úinéir nó áititheoir lena mbaineann a bheith i dteideal deontas a fháil faoin scéim deontas do dhéanmhais chosanta a chaomhnú.

Tá scéim deontas á hoibriú ag comhairlí contae agus corparáidí contaebhuirge d'fhonn cabhrú le húinéirí agus áititheoirí ar dhéanmhais chosanta na hoibreacha is gá a dhéanamh lena gcaomhnú. Déanfaidh gach údarás áitiúil iarratais a chur in ord tosaíochta ar bhonn na Scéime Tosaíochtaí atá aige. Gnáthmhéid an deontais ná 50% de chostas ceadaithe na n-oibreacha, gan dul thar uasmhéid

€12,700. Féadfaidh údarás áitiúil, dá rogha féin, an méid seo laghdú, nó, i gcúinsí eisceachtúla, a mhéadú, gan dul thar dheontas ceadaithe uasta 75% de chostas ceadaithe na n-oibreacha, nó €25,400, cibé acu is lú. I gcás aon deontas níos mó ná €12,700 caithfear cead na Roinne Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil a fháil roimh ré.

### **Ceantair Chaomhantais Ailtireachta:**

Is éard atá i gCeantar Caomhantais Ailtireachta ná áiteanna, ceantair, grúpaí déanmhas nó dreacha baile lena mbaineann tábhacht shóisialta ó thaobh ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, eolaíochta nó cúrsaí teicniúla agus a chuidíonn le taitneamh a bhaint as déanmhais chosanta. D'fhéadfaí a áireamh anseo, mar shampla, ardán tithe, foirgnimh atá timpeall ar chearnóg, nó aon ghrúpa foirgneamh a thugann sainghné ar leith do cheantar. Féadfar go mbeidh nó nach mbeidh déanmhais chosanta ar áireamh i gceantar caomhantais ailtireachta.

Caithfear cead pleanála a fháil sular féidir oibreacha suntasacha a dhéanamh ar an taobh amuigh de dhéanmhas i gceantar caomhantais ailtireachta.

Is fiú a lua freisin go bhféadfaidh déanmhais sa cheantar caomhantais ailtireachta, nach déanmhais chosanta iad, leas a bhaint nó gan leas a bhaint as forbairt dhíolmhaithe. Ba chóir d'úinéir nó áititheoir ar dhéanmhas i gceantar caomhantais ailtireachta comhairle a lorg ón Údarás Áitiúil roimh aon oibreacha a dhéanamh ar 'forbairt dhíolmhaithe' de ghnáth.

### **RANNÁN 2: PRIONSABAIL CHAOMHANTAIS**

Is minic a thugtar faoi obair ar sheanfhoirgnimh ina ndéantar dochar suntasach don déanmhas trí easpa eolais nó modhanna míchuí a úsáid, cé nach mbíonn sé ar intinn ag aon duine díobháil a dhéanamh. I measc na samplaí tá:

Cuireann fuinneoga alúmanaim/uPVC séalaithe go heirméiteach agus linidireálacha

stroighnithe cosc ar seanfhoirgnimh anáilú rud is féidir dochar a dhéanamh dá gcreatlach.

Caithfidh seanfhoirgnimh a ngluaiseacht nádúrtha a choinneáil. Is féidir leo dul in oiriúint d'athruithe séasúracha dá bharr . Má thugtar 5. isteach gnéithe dochta chun déanamh a 'neartú,' de leithéid bíomaí fáinneacha, d'fhéadfadh fabhtanna struchtúracha teacht chun cinn níos déanaí i saol an fhoirgnimh agus torthaí tubaisteacha air seo i gcónaí.

Chonacthas, blianta ina dhiaidh sin, go raibh drochthoradh tromchúiseach ar úsáid moirtéal leabaithe stroighne agus bloc coincréite chun cuid de bhallaí a dheisiú.

Ba chóir aird a thabhairt ar na prionsabail chaomhantais nuair atá aon oibreacha á ndéanamh ar Dhéanamh Cosanta. Caithfear aire a thabhairt d'fhoirgnimh Oidhreachta trí ábhair a úsáid a bhí ar fáil nuair a tógadh an foirgneamh ar dtús toisc go bhféadfadh ábhair nua-aimseartha dochar a dhéanamh agus níor chóir iad a úsáid ach amháin má luíonn siad le creatlach bhunaidh an déanmhais.

Is iad na príomhphrionsabail chaomhantais ná:

**Tábhacht stairiúil a choinneáil nó a thabhairt air ais.** Is é an aidhm atá i gceist le caomhnú ná a mhéid is féidir de na gnéithe tábhachtacha a choinneáil, a athchóiriú nó a nochtadh. **Próiseas caomhantais a bheith bunaithe ar thaighde.** Tá sé tábhachtach eolas agus tuiscint a bheith agat ar stair an fhoirgnimh

agus ar riocht fisiceach an fhoirgnimh faoi láthair sula gcuirfear tús leis an obair. Mura ndéantar é seo, is féidir botúin chostasacha a dhéanamh agus an tionscal críochnaithe a bheith lochtach.

**Idirghabháil fhisiciúil is lú is féidir.** Tá sé riachtanach nach mbeidh ach an idirghabháil is gá agus is lú is féidir ann, d'fhonn creatlach agus sainghné bhunaidh an déanmhais a choinneáil, nuair is féidir. Bíonn deisiú seachas athsholáthar á chur chun cinn i gcás an phrionsabail seo.

### Scéim Caomhantais/Athchóirithe a Phleanáil

Is é an chéad chéim i scéim caomhantais/athchóirithe ar bith ná ullmhú agus taighde. Ba chóir duit:

Stair an fhoirgneamh, a aimsiú, a mhéid is féidir.

Suirbhé a dhéanamh ar an bhfoirgneamh, anailís a dhéanamh air agus an t-ábhar bunaidh ar fad a shainiú, a thairgeadh i ngrianghraif, i dtomhais agus í líníochtaí (Is féidir an t-eolas seo a úsáid freisin chun tacú le hIarratas ar Dheontas)

Fréamhacha na fadhbanna a aithint agus iad a dhíbirt, seachas na comharthaí a chóireáil.

Díriú ar an idirghabháil a íoslághdú, deisigh ábhair seachas iad a athsholáthar.

Ná déan toimhdí maidir leis na hábhair a úsáideadh chun daingneáin agus feistis a dhéanamh

Bíodh meas agat i gcónaí ar shuíomh an déanmhais.

## Nithe Praiticiúla

Déan do scéim oibreacha a cheapadh (ar chóir di oibreacha nach oibreacha caomhantais /athchóirithe iad a áireamh de leithéid athshreangú, pluiméireacht a uasghrádú, córas téite a shuiteáil etc. Ní bheidh na hoibreacha seo cáilithe le haghaidh deontas caomhantais) de réir na bprionsabal Caomhantais, agus saineolas sainchomhairleoirí á úsáid nuair is gá. Ba chóir na hoibreacha beartaithe a bhriseadh síos ina dtionscadaíl agus céimeanna ar leith laistigh den scéim oibreacha fhoriomlán ansin. Ní hamháin go mbeidh sé níos fusa dul i ngleic le gach jab ach beidh an obair á roinnt i gcéimeanna inlámhsithe atá níos feiliúnaí go minic nuair atá tú ag cur isteach ar dheontas. Is féidir an ghné chéimithe den tionscadal foriomlán a scaipeadh thar an méid blianta agus is gá chun an tairbhe a bhainfidh tú as an Scéim Deontais Chaomhantais a uasmhéadú agus an t-éileamh ar d'acmhainní pearsanta a íoslaghdú.

Moltar duit roinnt luachana a lorg lena chinntiú go bhfuil an luach ar airgead is fearr á fháil agat. Féadfaidh Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh iarraidh ort 'Deimhniú um Chostas Réasúnach' a sholáthar ó Shuirbhéir Cainníochta a bhfuil cáilíocht ghairmiúil acu d'fhonn seasamh le meastachán an chonraitheora. Tá liosta conraitheoirí chun na hoibreacha caomhantais a dhéanamh ar shuíomh Gréasáin Chumann Seoirseach na hÉireann ([www.irish-](http://www.irish-architecture.com/igs)

[architecture.com/igs](http://www.irish-architecture.com/igs)). Soláthraíonn Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta Clár Conraitheoirí Oidhreacht ar a shuíomh Gréasáin freisin [www.constructionregistration.ie](http://www.constructionregistration.ie). Tá na liostaí seo ar fáil ag Roinn Pleanála Chomhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh chomh maith. Ba chóir Ráiteas Sábháilteachta cuimsitheach a ullmhú le do chonraitheoir roghnaithe chun aird a thabhairt ar na rioscaí is dócha a thiocfaidh chun cinn le linn d'oibreacha agus na bealaí a shonrú inar féidir bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ar an bhfoirgneamh a mhaolú.

## Na hOibreacha

Nuair a bheidh an obair á déanamh; Staighrí, lámhráillí, múnláil, agus gnéithe siúinéireachta eile de leithéid vuinsciúnna, cláir sciorta agus ráillí dádó a chosaint ar dhamáiste le linn obair tógála.

Ná glac leis nach féidir aon rud a dheisiú mar gheall ar an gcuma atá air.

Ná caith aon ábhar bunaidh amach, mura bhfuil sé breac le lobhadh nó míolta críon agus más gá é a scriosadh láithreach chun damáiste breise nó cailteanas i gcreatlach d'fhoirgnimh a chosc. Caithfear tacú le bearta den chineál seo tríd an taifead fótagrafach.

Ná lig d'ábhar slán a bheith tógtha as do láithreán go dtí go bhfuil sé cinntithe agus aontaithe leis an gcomhairle go dtiocfaidh sé slán.

Coinnigh na sonraí is féidir a úsáid mar phatrúin d'obair faoi láthair nó amach anseo.

Ná cuir na hábhair bhunaidh faoi chóireálacha géara de leithéid iad a thumadh i meascáin loiscneacha nó séidtóirsí a úsáid chun péint a bhaint.

Ná fág siúinéireacht bhogadhmaid laistigh i riocht nádúrtha nó lomtha. Ba chóir adhmad ar fad den chineál sin a phéinteáil.

Coinnigh a oiread ábhar bunaidh agus is féidir

- Ní féidir gloine chorónoch an 18ú haois ná gloine shorcóra an 19ú haois a mhacasamhlú toisc go bhfuil fabhtanna agus lochtanna suaracha iontu agus is seoda atá iontu dá bharr;

- Ní mhaireann admhad a thairgtear do ghnó na tógála inniu chomh fada in aon chor agus a mhaireann an t-adhmad a bhí ar fáil nuair a bhíothas i mbun tógála sna céadta atá thart. Dá mhéad admhad is féidir tarrtháil inniu lena athúsáid, is ea is lú admhad a bheidh ar na glúine amach anseo a athsholáthar.

Ba chóir ábhar cosúil leis a chur in ionad ábhair cosúil leis. Mar shampla ba chóir bogadhmad a chur in ionad bogadhmaid i bhfuinneoga, doirse agus painéil, d'fhéadfaí ábhar tarrthála a úsáid, ach moltar faoi láthair admhad na linne seo atá á shaothrú ar bhonn tráchtála mar ábhar a bheadh foirfe chuige seo. Ná deisigh ballaí cloiche leabaithe i moirtéal aoil, le bloic choincréite, leabaithe i moirtéal stroighne.

Ná cuir obair phlástrála olltáirgthe tráchtála in ionad gnéithe bunaidh de leithéid obair coirnise.

Coinnigh taifid. Bainfear tairbheamach anseo as dialann laethúil nó sheachtainiúil a choimeád ar oibreacha a rinneadh, nósanna imeachta a leanadh, agus deacrachtaí a sáraíodh. Tóg neart grianghraf le linn an tionscadail, roimhe agus ina dhiaidh. Is féidir leas a bhaint as na grianghraif seo amach anseo chun tacú le d'iarratas ar dheontas a luaithe agus a chríochnófar na hoibreacha.

Tá modheolaíocht mholta leagtha amach in Aguisín A den leabhrán seo maidir le:

Oibreacha Struchtúracha ar Bhunsraitheanna, Bhallaí, Uchtbhallaí agus Simléir

Oibreacha Dín

Earraí Báistí a Sheirbhísiú

Oibreacha Tuíodóireachta

Oibreacha ar Shaisfhuinneoga

Lindireálacha Seachtracha

Tá eolas níos mionsonraithe ar chaomhantas ar fáil sa leabhrán a rinne an Roinn Comhshaoil i gcomhar le Cumann Seoirseach na hÉireann. Tá dea-chleachtas madir leis na bealaí ar chóir tabhairt faoi oibreacha caomhantais ar leith leagtha síos sna leabhráin seo.

Cuspóir na scéime ná cabhrú le húinéir nó áititheoir ar dhéanmhas atá cosanta toisc gur díol spéise é ó thaobh ailtireacta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, eolaíochta nó cúrsaí sóisialta nó teicniúla chun tabhairt faoi oibreacha caomhantais ar dhéanmhas den chineál sin. Níl ceart as féin ag aon duine deontas a fháil faoin scéim seo.

Leithdháiltear méid seasta airgid ar gach údarás áitiúil don bhliain féilire chun íocaíochtaí deontas a dhéanamh. Cuirtear iarratais ar dheontais in ord tosaíochta gach bliain, dá réir, ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil agus de réir na dtéarmaí atá leagtha amach sa Mheabhrán Mínithe seo.

Níl bhaineann an Scéim seo ach le hoibreacha ar cuireadh tús leo roimh dháta tosaithe na scéime. Níl oibreacha a rinneadh tar éis an dáta sin cáilithe i gcás gur cuireadh tús leo sula ndearnadh iniúchadh ar an déanmhas lena mbaineann le hiarratas ar dheontas a bhreithniú, ach amháin i (e) gcás go measann údarás áitiúil go bhfuil nó go raibh gá leis na hoibreacha chun riosca láithreach ó (f) thaobh sláinte nó teacht slán an déanmhais a dhíbirt nó a mhaolú. (g)

Déanmhais Cáilithe: Tá déanmhas cáilithe faoin scéim má tá sé i dThaifead ar Dhéanmhais Chosanta an údaráis áitiúil ábhartha. Beidh Thaifead ar Dhéanmhais Chosanta ar áireamh i ngach plean forbartha de chuid an údaráis phleanála abhartha tar éis achtú an Achta Rialtas Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 2000. Ar (d) fheitheamh ar thaifead a áireamh ar thaifead ar Dhéanmhais Chosanta i bplean forbartha, tá

déanmhas cáilithe más rud é; (a) go léirítear cuspóir sa plean forbartha, dréachtphlean forbartha beartaithe, nó athrú beartaithe ar plean forbartha ábhartha chun an déanmhas sin a chaomhnú ar an gcúis gur díol spéise ó thaobh ealaíne, staire nó ailtireacta é, nó (b) gur cuí leis údarás áitiúil ábhartha an cuspóir sin a léiriú maidir leis an déanmhas ina plean forbartha agus má tá sé beartaithe an déanmhas a áireamh ar a Thaifead ar Dhéanmhais Chosanta a luaithe agus is féidir. Níl déanmhas cáilithe más le húdarás poiblí é

**Oibreacha Cáilithe:** Tá oibreacha cáilithe faoin scéim má tá sé i gceist gné amháin nó níos mó den déanmhas cáilithe a chaomhnú. D'aireofaí, i measc nithe eile, na hoibreacha cáilithe seo a leanas -

- (e) oibreacha is gá lena chinntiú go mbeidh déanmhas nó cuid de dhéanmhas cobhsaí
- (f) oibreacha is gá chun déanmhas a dhéanamh síondíonach nó taisdíonach
- (g) oibreacha is gá chun ballaí seachtracha nó gnéithe laistigh a dheisiú nó a chaomhnú.
- (h) Oibreacha a n-áirítear orthu deisiúcháin shealadacha, nuair a chaithfear déanmhas a chosaint ó rioscaí láithreacha.

Níl oibreacha cáilithe faoin scéim, más rud é, go measann údarás áitiúil:-

- (d) go bhfuil cothabháil, athruithe nó feabhsúcháin i gceist leo

- (e) nach bhfuil gá leo chun chun an déanmhas a chaomhnú
- (f) go bhfuil costas ceadaithe níos lú ná €1900 i gceist leo
- (g) go ndearnadh, go ndéantar, nó go ndéanfar éileamh ar fhaoiseamh cánach ó ioncam cánach nó ó cháin chorparáide ina dtaobh faoi alt 482 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Alt 19 den Acht Airgeadais, 1982 roimhe seo), nó nach bhfuil gá leo nó nach raibh gá leo chun baol láithreach do shábháilteacht nó do theacht slán an déanmhais lena mbaineann a dhíbirt nó a mhaolú agus má chuirtear tús leo sula ndearnadh iniúchadh.

**Iarratais ar dheontais:** Is féidir le húinéir nó áitritheoir ar dhéanmhas iarratas a dhéanamh ar dheontas chuig an údarás áitiúil faoin scéim agus caithfear é a dhéanamh ar an bhfoirm iarratas a chuirtear ar fáil. Féadfaidh údarás áitiúil, dá rogha féin, éileamh ar iarratasóir sonraí a thabhairt maidir leis an leas atá acu sa déanmhas lena mbaineann. I gcás go measann údarás áitiúil go gcomhlíonann iarratas téarmaí agus coinníollacha na scéime, déanfaidh sé iniúchadh ar an déanmhas lena mbaineann. Más rud é gur deimhin leis an údarás go mbeidh an déanmhas agus na hoibreacha beartaithe cáilithe, tabharfaidh sé tús áite don iarratas maidir le haon iarratais eile a dhéanfar chuige, ag féachaint don Scéim Tosaíochtaí. Is éard atá i Scéim tosaíochtaí ná ráiteas ó Údarás áitiúil faoi na critéir atá le cur i

bhfeidhm aige maidir le cinntiú conas a chuirfear deontais in ord tosaíochta. Tar éis iad a chur in ord tosaíochta mar seo, cinnfidh údarás áitiúil méid an deontais, i gcás gur mheas sé gur féidir leis costas an iarratais a íoc óna leithdháileadh airgeadais sa bhliain féilire reatha.

Is é méid caighdeánach an deontais ná 50% den chostas cheadaithe nó, más cuí, an costas athbhreithnithe, faoi réir íosmhéid €12,700. Meastachán, atá sa chostas cheadaithe arna ríomh ag údarás áitiúil, ar chostas réasúnach na n-oibreacha cáilithe. Beidh gach caiteachas réasúnach atá le tabhú maidir leis na hoibreacha, de leithéid táillí le haghaidh comhairleoirí gairmiúla, oibreacha agus seirbhísí tacaíochta riachtanacha, agus árachas, inríofa maidir leis seo.

Féadfaidh údarás áitiúil dá rogha féin, méid deontais a chinneadh atá níos ísle, nó in imthosca eisceachtúla, níos mó ná an méid caighdeánach. Agus an cinneadh sin á dhéanamh, beidh aird ag an údarás do; (a) nádúr, riocht agus tábhacht (i dtéarmaí caomhantais) an déanmhais lena mbaineann, (b) nádúr agus riachtanas (i dtéarmaí caomhantais) na n-oibreacha beartaithe, (c) costas na n-oibreacha beartaithe, (d) méid aon chistithe phoiblí eile a íocadh cheana féin nó atá á íoc nó a bhfuil iarratas á dhéanamh air, i leith na n-oibreacha lena mbaineann, agus (e) cumas an iarratasóra costas na n-oibreacha a íoc.

Roimh méid deontais a chinneadh atá níos mó ná an gnáthmhéid, áfach, caithfidh údarás áitiúil cead a fháil ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Ní féidir, in aon imthosca, le méid deontais dul thar €25,395 nó 75% den chostas ceadaithe, nó, más cuí, an costas ceadaithe athbhreithnithe, cibé acu is lú. I gcás go bhfuarthas nó gur ceadaíodh cistiú faoi aon scéim arna maoiniú ag an Státchiste nó ag an AE maidir leis na hoibreacha cáilithe lena mbaineann, is é (e) uasmhéid an deontais is féidir a fháil faoin scéim an méid a bheadh comhionann le 75% den chostas ceadaithe dá chuirfí é leis an gcistiú is iníoctha ón Státchiste nó ón AE. Ní chuireann na (f) huasteorainneacha deontais seo srian le húdarás áitiúil ranníocaíocht a dhéanamh le húinéir nó le (g) háititheoir óna n-acmhainní féin i leith chéatadán an chostais cheadaithe nach gclúdaíonn deontas (h) faoin scéim seo.

**Fógraí Údaráis Phleanála:** I gcás go ndéanann údarás pleanála fógra a sheirbheáil ar úinéir nó ar áititheoir ar dhéanmhas cosanta in gceanglaítear ar an duine sin oibreacha sonraithe a dhéanamh ionas nach dtiocfaidh an déanmhas chun bheith i mbaol nó nach leanfaidh sé de bheith i mbaol, féadfaidh an t-údarás, dá rogha féin, má tá nó mura bhfuil an duine tar éis iarratas a dhéanamh ar dheontas faoin scéim seo, deontas a cheadú don duine sin maidir leis na hoibreacha ar fad lena mbaineann nó maidir le cuid díobh.

**Deimhniú um Cheadú Sealadach:** Nuair a bheidh cinneadh déanta faoi mhéid an deontais, eiseoidh rialtas áitiúil Deimhniú um Cheadú Sealadach. Luafar sa Deimhniú um Cheadú Sealadach na hoibreacha beartaithe lena mbaineann an teastas, méid an deontais, a cinneadh, agus téarmaí na gcoinníollacha faoinar tugadh ceadú sealadach. Féadfaidh téarmaí agus coinníollacha baint a bheith acu lé nithe de leithéid;

An bealach ar a mbeidh na hoibreacha beartaithe le déanamh, lena n-áirítear caighdeán na n-ábhar agus an tsaoirseacht a chaithfear a úsáid an tréimhse ina gcaithfear na hoibreacha beartaithe a dhéanamh an mhaoirseacht a chaithfear a dhéanamh maidir leis na hoibreacha beartaithe fógra a thabhairt don údarás áitiúil de réir mar a thabharfar gnéithe éagsúla de na hoibreacha beartaithe chun críche.

Ní bheidh duine i dteideal oibreacha a dhéanamh ar an gcúis go bhfuair sé Deimhniú ar Cheadú Sealadach faoin scéim seo agus ar an gcúis sin amháin. Caithfear na ceanglais reachtúla ar fad a bhaineann leis na hoibreacha beartaithe, lena n-áirítear na cinn a thagann chun cinn faoi na hAchtanna Pleanála, faoin Acht um Rialú Foirgníochta agus faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta a chomhlíonadh ar an ngnáthbhealach.

**Oibreacha a Dhéanamh:** Tar éis Deimhniú ar Cheadú Sealadach a fháil, agus i gcás gur comhlíonadh na ceanglais reachtúla eile ar fad, féadfaidh iarratasóir na hoibreacha ceadaithe a thosú, i gcás go ndéantar na hoibreacha ar chonradh, caithfidh an conraitheoir a bheith (a) cláraithe do VAT agus foirm reatha C2 nó deimhniú imréitigh cánach a bheith acu ó na (b) Coimisinéirí Ioncaim.

Leithdháiltear acmhainní ar údaráis áitiúla go bliantúil chun an scéim a oibriú. Tá sé (c) ríthábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanfar na hoibreacha, laistigh den tréimhse atá sonraithe sa Deimhniú um Cheadú Sealadach. I gcás nach bhfuil oibreacha ag dul ar aghaidh de réir an Deimhnithe, féadfaidh údarás, dá rogha féin, íocaíocht an deontais a chur siar chuig bliain eile nó an Deimhniú um Cheadú Sealadach a chur ar ceal agus diúltú don deontas a íoc.

**An Deontas a Íoc:** Ar theacht chun críche na n-oibreacha, féadfaidh an t-iarratasóir íocaíocht an deontais a éileamh tríd an dearbhú atá mar chuid den Deimhniú um Cheadú Sealadach a shíniú agus é a sheoladh ar ais, i dteannta na ndoiciméad iomchuí, chuig an údarás áitiúil ábhartha. Tar éis éileamh ar íocaíocht a fháil, féadfaidh údarás áitiúil iniúchadh a dhéanamh ar an déanmhas lena mbaineann le fáil amach ar cuireadh na hoibreacha i gcrích go sásúil de réir an Deimhnithe um Cheadú Sealadach. Nuair is deimhin leis an údarás

maidir leis seo, déanfaidh sé íocaíocht an deontais a údarú. Má tá údarás áitiúil den tuairim nach ndearnadh oibreacha go sásúil, féadfaidh an t-údarás, dá rogha féin

(a) costas ceadaithe agus méid deontais athbhreithnithe a chinneadh,

(b) íocaíocht a choinneáil siar go dtí go ndéanfaidh an t-iarratasóir cibé athruithe ar na hoibreacha atá ann cheana nó cibé oibreacha breise a chinnfidh an t-údarás nó

(c) an Deimhniú um cheadú sealadach a chur ar ceal nó diúltú don deontas a íoc.

Má mheasann údarás áitiúil gur lú costas iarbhír na n-oibreacha cáilithe ná an costas ceadaithe, cinnfear costas ceadaithe agus méid deontais athbhreithnithe.

### **Nithe Ilghnéitheacha:**

✚ Tiocfaidh an scéim seo i bhfeidhm le héifeacht ón 26 Bealtaine 1999 agus leanfar ar aghaidh leis ar bhonn bliantúil go dtí go bhfógrófar a mhalairt.

Déanfaidh gach aon Chomhairle Contae agus Contaebhuirg an scéim a riar (dá ngairtear údarás áitiúil sa mheabhrán mínithe seo). Is faoin údarás áitiúil atá gach ceist a bhaineann le hoibriú na scéime ó lá go lá, lena n-áirítear déileáil le fiosrúcháin, iarratais agus le híocaíochtaí, leibhéil an deontais a chinneadh agus iad a chur in ord tosaíochta. Cinneadh críochnaitheach aon

chinneadh ón údarás áitiúil maidir le haon cheann de na ceisteanna seo.

Caithfidh an t-iarratas ar dheontas a bheith faighte ag an údarás áitiúil lena mbaineann tráth nach déanaí ná an dáta a bheidh fógraithe sa bhliain sin, féadfaidh údarás áitiúil, dá rogha féin, glacadh le hiarratas tar éis an dáta ábhartha in imthosca eisceachtúla, e.g. má bhíonn baol láithreach ann ó thaobh shábháilteacht nó theacht slán an fhoirngimh.

Ní ionann deontas ná deimhniú um cheadú sealadach a bhronnadh faoin scéim seo agus baránta a thabhairt ar son an údaráis áitiúil lena mbaineann ná ar son an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil maidir le hoiriúnacht ná le sábháilteacht na n-oibreacha lena mbaineann, ná maidir le deisriocht ná bail an déanmhais lena mbaineann, ná aon chuid de ná lena feiliúnacht chun úsáide.

Moltar go mór comhairleoirí gairmiúla a fhostú i dtaobh na n-oibreacha arna ndéanamh faoin scéim.

### **AGUISÍN A:**

#### **MODHEOLAÍOCHT MHOLTA OIBREACHA**

---

### **Oibreacha ar Bhunsraitheanna, Bhallaí, Uchtbhallaí agus Simléir:**

Ba chóir idirghabháil iomchuí a cheapadh ina mbaintear leas as saineolas sainchomhairleoirí agus sainchonraitheoirí chun na bunsraitheanna a

chobhsú agus ba chóir í a chomhaontú leis an Údarás Áitiúil sula gcuirfear tús le hoibreacha.

Más gá balla nó simléar a bhaint anuas go páirteach chun é a chobhsú, ba chóir samplaí a thógáil roimh ré den mhoirtéal leabaithe chun anailís a fháil déanta air ionas gur féidir an meascán ceart a mhacashamlú lena úsáid agus atógáil ar bun.

Ba chóir an t-ábhar ar fad ón oibríocht scartha a tharrtháil, a ghlanadh agus a stóráil lena athúsaid.

Caithfear moirtéal aoil iomchuí a úsáid agus atógáil ar bun, atá bunaithe ar thorthaí na hanailíse a éilítear thuas, chun an t-ábhar tógála a leabú.

Is féidir brící nó clocha tarrthála, a fhaightear go háitiúil, a úsáid i gcás go bhfuil teipthe ar an ábhar bunaidh.

Ba chóir linidireáil aoil iomchuí a úsáid chun an balla/uchtbhalla/simléar a shíondíon, má oireann sé don fhoirgneamh.

### **Oibreacha Dín:**

Ba chóir aon phátrún sna slinnte de leithéid cuarbhróidnéireachta, dathanna imeartais, slinnte a leagadh síos go fánach etc a nótaíl go cúramach. Ba chóir iad a ghrianghrafadh go mion beacht agus iad a phleanáil agus a sceitseáil mar is gá. Ba chóir an díon a lomadh go hiomlán ansin, agus

ansin amháin, agus a oiread is féidir de na slinnte bunaidh nádúrtha agus tíleanna ceirmeacha bunaidh a tharrtháil lena n-úsáid arís.

Ba chóir uimhreacha a chur ar na slinnte chun a gcúrsaí a mheaitseáil, más gá, rud a bheidh ina chúnamh agus iad á gcur ar ais a luaithe agus a chaomhnófar an chreatlach struchtúrach bhunúsach.

Ba chóir caolaigh reatha a bhaint de. Ba chóir tóirsiú teipthe, bloghanna slinne, drámh ainmhithe agus éan a ghlanadh den spás dín.

Ba chóir an t-ábhar ollscartha a ghearradh as rachtaí damáistithe agus adhmaid nua a spladhsáil isteach. I gcás go mbeidh lotnaidicidí á gcur ar adhmaid nua, níor chóir ceimiceáin a úsáid a dhéanfadh díobháil d'ialtóga. Caithfear scannán uiscédhíonach, inálaithe a leagan ar na rachtaí .

Ina dhiaidh sin, caithfear caolaigh chóireáilte nua a úsáid agus na slinnte tarrtháilte a leagan orthu ina bpátrúin bhunaidh agus caithfear tairní a bhfuil cinn mhóra orthu, de chopar, de chóimhiotal alúmanaim nó de chruach dhosmálta a úsáid. Ba chóir ábhair a dhéantar a tharrtháil ón dion a dhíriú ar chlaontaí seachtracha an dín.

I gcás go bhfuil slinnte breise ag teastáil ba chóir iad a tharrtháil go háitiúil nó is féidir slinnte

neodracha a thagann leo a úsáid. Ba chóir iad seo a leagan ar uilleannacha inmheánacha an dín.

Caithfear na patrúin a úsáideadh ar dtús a mhacasamhlú i gcónaí.

Ba chóir athsholáthar na n-adhmaid struchtúrach ar an dion a íoslaghdú a mhéid is féidir de réir phrionsabail an chaomhantais agus ní féidir é a bheartú gan é a phlé leis an Údarás Áitiúil roimh ré.

Ba chóir úsáid simí agus caolach feadh na rachtaí chun adhmaid stangtha a chothromú a íoslaghdú a méid agus is féidir toisc gur féidir leis an iomarca idirghabhála den chineál seo dochar a dhéanamh don tsainghné a fuair an dion thar na blianta.

Caithfear an líneáil luaidhe ar uchtbhallaí agus ar gháitéir rúnda agus an líneáil ar na loganna a bhaint, más gá, agus cíoradh cúramach a dhéanamh ar an bhfostruchtúr. Caithfear na fabhtanna ar fad a dheisiú de réir phrionsabail an chaomhantais agus luaidhe nua ar an ngrád is airde agus leithead agus tiús cuí ann a leagan sa spás gáitéir de réir dea-chleachtais.

### **Earraí Báistí a Sheirbhísiú**

Caithfear na gáitéir, crannóga agus fánphíobáin sheachtracha go léir d'iarann teilgthe a bhaint de, a ghlanadh le sreang, a scuabadh agus a chíoradh

chun sceithí agus a blocálacha ( i gcás fánphíobhán) a aimsiú.

Caithfear ábhar tarrthála nó ábhar nua macasamhla atá ar aon mhéid agus patrún leis an gceann bunaidh a chur in ionad na gcodanna sin a bhfuil teipthe orthu.

Caithfear an taobh istigh de na gáitéir a phéinteáil le péint bhíotúmanach agus caithfear an taobh seachtrach a phéinteáil de réir dea-chleachtais, agus péint a bhfuil dath cuí air agus atá de chomhdhéanamh cuí á úsáid roimh iad a chur isteach arís. Caithfear siúntaí a shéalú le puití ola rois ar ardchaighdeán nó le hionadach iomchuí eile atá ceadaithe chun críocha caomhantais.

Caithfear an líneáil luaidhe ar uchtbhallaí agus log-gháitéir a bhaint de agus cíoradh cúramach a dhéanamh ar an bhfostruchtúr, más gá. Caithfear na fabhtanna ar fad a dheisiú de réir phrionsabail an chaomhantais agus luaidhe nua ar an ngrád is airde a úsáid agus caithfear an leithead iomchuí a leagan sa spás gáitéir de réir dea-chleachtais.

Má aithnítear earraí báistí de luaidhe, de copar nó d'alúmanam teilgthe ar do dhéanmhas, ba chóir gach obair a shoiléiriú agus a chomhaontú leis an Údarás Áitiúil roimh ré.

#### **Oibreacha Tuíodóireachta:**

Ba chóir cineál, dearadh agus stíl an mhullaigh agus na hábhair a úsáidtear a nótaíl go cúramach..

Ba chóir an drochthuí agus tuí lofa, plandaí agus caonaigh a bhaint de le ráca go dtí go dtiocfar ar ábhar slán. Ba chóir an t-ábhar seo a bhaint de, a chur in áit shábháilte agus a dhó.

Ba chóir na poill agus scoilteanna doimhne a dheisiú, a líonadh agus a dhéanamh mín.

Ba chóir ábhar iomchuí ar an gcaighdeán is fearr (giolcaí, tuí, luachra etc) a leagan air agus a shocrú ag úsáid muiríní ar ardchaighdeán.

Caithfear an mullach a shocrú agus ábhar iomchuí á úsáid (giolcaí, tuí, luachra, cíb, fraoch, feilt tharráilte, sreang sicíní etc) agus muiríní.

Ba chóir mullaí, sceimhleacha agus ciumhaiseanna agus loig, nuair is ann dóibh, a dhéanamh i gceart ionas nach scaoilfead uisce isteach.

I gcás go bhfuil an tuí ag teagmháil le simléar, is féidir ábhar fleasctha oiriúnach a chur isteach mar is gá.

Caithfear teacht le sainghné na líne dín bhunaidh agus leis an líne dín bhunaidh.

#### **Oibreacha ar Shaisfhuinneoga:**

Ba chóir aon ghlónra atá ann a bhaint de go han-chúramach agus a tharrtháil lena úsáid arís, go háirithe má tá gloine chorónach nó gloine shorcóra ann.

Ba chóir an tseanphéint ar fad a ghlanadh ón adhmaid go dtí go dtiocfar ar adhmaid lom. Ba chóir an lobhadh ar fad a ghearradh amach go dtí go bhfaighfear adhmaid slán, ag cuimhneamh an t-am ar fad ar an ábhar bunaidh a choinneáil a mhéid is féidir, de réir phrionsabail an chaomhantais.

Ba chóir adhmaid nua iomchuí (adhmaid tarrthála nó Péine Fad-Dhuilleogach (*Pinus palustris*)) a chóireáil le leasaitheach iomchuí agus é a spladhsáil agus cuasphlána a úsáid air ionas go dtiocfaidh sé le patrúin bhunaidh na bhfrámaí agus na barraí glónraithe.

Ba chóir glónra pé acu an t-ábhar bunaidh, nó ionadach ceadaithe, a chur isteach arís, agus é leabaithe in ola rois ar ardchaighdeán nó in ábhar ionadaíoch a cheadaítear le haghaidh oibreacha caomhantais.

Ba chóir an fhuinneog chaomhnaithe agus a bhfuil ann a phéinteáil de réir dea-chleachtais, agus péint a bhfuil dath cuí air agus atá de chomhdhéanamh cuí á úsáid, roimh é a chur isteach arís.

Ba chóir saiseanna a chrochadh arís ar shaischorda ar ardchaighdeán agus na meáchain chearta ann do shaiseanna uachtaracha agus íochtaracha, agus ulóga á ndeisiú nó á n-athsholáthar de réir mar is cuí.

Más léir le linn na n-oibreacha ar an déanamhas go gcaithfear na fuinneoga ar fad nó cuid acu a athsholáthar ba chóir é a chur in iúl don Údarás Áitiúil láithreach chun seift eile a chomhaontú.

### **Lindireálacha Seachtracha:**

Ba chóir an lindireáil a mheascadh agus úsáid á baint gaineamh glan atá nite go maith, tathagú brúite (más cuí), fionnadh glan (más cuí), puití aoil nó aol hidráitithe agus uisce óil glan go dtí go mbeidh an neart ceart ann.-{-}

Ba chóir é a fháil le cruachan ar feadh fad ama ceart.

Tá an lindireáil le cur (thar shraith de phuití aoil más cuí) ar dhromchlaí saor ó ábhar orgánach glana de réir dea-chleachtais, ag úsáid a oiread cótaí a bhfuil gá leo agus leis an mbailchríoch bhrutha ceart air, nuair a bheidh an aimsir feiliúnach.